GX918

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH
DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

SCOIL NA GAEILGE

Scrúduithe an tSamhraidh 1999
An Dara Bliain

Páipéar 2

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Cáit Ní Dhomhnaill
Máirtín Ó Briain

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Trí ceist le freagairt: **ceist amháin** as gach Roinn.
Freagarleabhar ar leith do gach ceist.

ROINN A

NG 216: LOGAINMNEACHA (creidmheas: 0.5)

1 Freagair (a) **agus** (b):

(a) Maidir le do rogha **deich gcinn** de na háiteanna seo a leanas thíos,

(i) Scríobh síos an logainm Gaeilge ba dhóigh leat a bheith ar gach ceann acu;

(ii) Cuir oiread nótaí agus is féidir leat le gach ainm den deich gcinn acu (idir bhunfhoirm an logainm agus a fhoirm Bhéarlaithē):

Ballindine; Ballyfirreen; Batterstown; Borrisbeg; Castlederg; Doonaha; Duleek; Dysert; Gransha; Kildare; Killursa; Knocknacarra; Leyney; Lissadill; Lynally; Munterloney; Nohaval; Nurney; Pallas; Rathangan; Templemore.

(b) Scríobh cuntas ar an lorg a d'fhág téarmaí lonnaíochta ar logainmneacha na tíre seo. Léirigh do fhreagra le samplaí cuí.

NÓ

Léirigh an lorg a d'fhág focail de bhunadh iasachta ar logainmneacha Gaeilge na tíre seo. Léirigh do fhreagra le samplaí cuí.

Roinn B

NG 219: AISTRIÚCHÁN (Creidmheas: 1)

Aistrigh an sliocht seo a leanas go Gaeilge:

When it comes to dining out theatre-goers are an awkward bunch of people to satisfy. Before a show they want to eat fast and head off for curtain-up without delay. After the show is over they want to find somewhere quiet and romantic, or lively and bustling, where they can linger and discuss life, death and art, or else chew over the bones of the show as they dine in the company of friends. Nowadays it is of course possible to find the place in which to do all of these things. Some restaurants start serving dinner as early as 6 o'clock in the evening and stay open until the midnight hour. However, be warned, some of these splendid places might prove impossible to leave, and the drama might well be missed. Those who want to be seen rubbing shoulders with actors and actresses until the wee small hours will make their way to wherever the human drama is. On the other hand, those who genuinely want to dine in a more tranquil atmosphere and walk down memory lane with old friends can do so in any of the old well-known restaurants along the street. For others it is the cool sound of the street food that brings childhood memories back. Real late-nighters will find patient staff and good familiar food in various small cafes around the city.

Roinn C

NG 216 FILÍOCHT NA SCOILEANNA (Creidmheas 0.5)

(Ceist amháin le freagairt)

1 (a) Mínigh go cruinn na rannta 1, 5, 8, as an duan Anocht sgaoilid na sgola, (a bhfuil cóip de leis an bpáipéar seo).

(b) An gceapann tú gur óna chroí a chum an file an duan thuas? Cén chúis bhróin a bhí aige? Bíodh samplaí as an duan féin mar thaca le do fhreagra.

nó

Cérbh é an file sna meánaoiseanna?

Nó

2 (a) Mínigh go cruinn na rannta 3,4, 6, as an duan Mo chean duitsi, a thulach thall, (a bhuil cóip de leis an bpáipéar seo).

(b) Le fírinne cén chúis bhróin atá ag an bhfile sa duan? Bíodh samplaí as an duan mar thaca le do fhreagra.

nó

Tabhair cuntas ar ghairm an fhile sna meánaoiseanna.

1 Anocht sgaoilid na sgola.
leabtha uadha a n-aontomha:
do-ghéna lucht gach leabtha
déra re hucht n-imtheachta.

2 Iomdha ag loighe, lór do sgís,
aréir san bhaile a mbímís:
gion gur goire um nóin anocht
loighe dhóibh iná dúsacht.

3 Glóir an bhaile 'na mbíodh sinn —
a hionnamhail ní fhaicim,
a Dhé, do neamhghlóir aniogh;
seanmóir don té do thuigfeadh.

4 Ionadh coinne ar chionn tSamhna
do bhíodh 'gun aos ealadhna:
aoinfhear amháin dá maradh,
níor sgaoileadh dháibh dealaghadh.

5 A lucht do bhí 'na bhaile,
lér mian ceard is comhnaidhe,
do bhí adhbhar far fhuath libh
labhradh na gcuach do chluinsin.

6 Do-chuaidh ar sgaoileadh don sgoil
gach fear dána 'na dhúthoigh:
ní thiaghair a toigh athar
ó shoin d'iarraidh ealathan.

7 Fada liom sgaoileadh don sgoil
do-chonnarc re cois Fhearghoil:
foidc iná an sgol do sgaoileadh
gan m'oide ag cor chomaoineadh.

8 Oide d'iarraidh 'na ionadh,
rob usa dhóibh deilioghadh:
breath bhroide, a Dhé, dá dhalta,
dá mbé ag oide iasachta.

9 Mar táinig sgaoileadh na sgol
a gcrích nÉireann tré Fhearghol,
tig sgaoileadh sgoile Banbha
roimhe d'aoinfhear ealadhna.

10 Tuigid féin, fa fáth cumhadh,
gur éigean dóibh dealughadh,
sgol Dalláin ina dheaghaidh,
d'andáigh as na hoideadhaibh.

11 Do buaidhreadh do thuirse thruim
an dámhsain Dalláin Fhorguill:
níor anmhain dáibh níor dheadhail,
amhlaidh don dáimh déidheanaigh.

12 Sgola uaisle innse Fáil,
a gcédchumha um eheann Dalláin:
do ló sgarthana na sgol
is mó a n-athchumha um Fhearghol.

13 Moidhidh don bhrón bhíos fam thuinn
ag aithne m'aosa cumuinn:
a ndiaidh sgaoilte na sgoile
biaidh m'fhaoilte 'na heólchoire.

14 Mé a dhearbhráthair 's a dhalta,
gearr dá éis budh ionanta:
deithbhir mar oide ní fhuil,
foide beithir gan bráthair.

15 Dá dtugtha ré dheise dhamh,
nó ní budh shia do shaoghal,
bíodh mo shlán bheith mar do bhá,
ar leith atám ó theasda.

16 Tríocha bliadhan do bhí mé,
nó ní as fhoide, dom fhínné,
lán dom anáil ón uabhar,
crádh d'fhagháil gurbh ionnfhuaradh.

17 Do díoghladh do dheochaibh bróin
mo threise 'na thigh chomhóil:
má dho-rinne mé macnas,
is tinne, a Dhé, an díoghaltas.

18 Dom ullmhughadh níor áil lais
mo bheith adhaigh 'na égmais:
gur léig sé ar an énlaith inn,
mé a n-énbhoith re hÓ nUiginn.

19 Guth oram budh aimhleas damh
ós íseal ris an ollamh,
beag dtaraidh don té adéradh,
dé am aghaidh ní fhuilengadh.

20 Ó aois leinbh do léigeadh rinn
(Dia dhá íoc re hÓ nUiginn!)
gach rún frithir dá bhfaghadh,
gur mhithidh dún dealaghadh.

21 An oideacht do-ním aniogh
dá dhaltaibh d'éis an fhileadh,
Fearghal Ruadh do-roighne soin,
truagh, a Choimdhe, nach cosmhoil.

22 Rinn onóra agus aoibhe
dhamh re cois a chomaoine,
liom a gcartaigh croidhe thinn
tar dhaltaibh oile I Uiginn.

1 Mo chean duitsi, a thulach thall,
fád thuisleadh ní subhach sionn;
damhna sgíthi do sgeach dhonn,
cleath chorr do-cíthe ós do chionn.

2. Sgeach na conghára, crádh cáigh,
'na háit comhdhála do-chínn;
buain na craoibhe, mo lá leóin,
daoire 'na dheóidh mar tá an túr.

3 Dubhach mo chridhisi um chum
fád bhilisi, a thulach thall;
an chleath ó bhfaicinn gach fonn,
do sgeach chorr ní fhaicim ann.

4 Do bhíoth dhamh ag dénaimh eóil,
an ghégsoin fá gar do mhaoin;
fada siar ón tírsi thuaidh
aniar uaim do-chinnsi an gcraoibh.

5 An ghaoth ar bhfoghal a fréamh,
craobh gan bhloghadh doba buan;
ní tearc neach dá ndearna díon,
sníomh na sgeach fá teadhma truagh.

6 Gég chruthach bá corcra lí,
mé dubhach má dol fá dhlaoi;
mairg nár smuain ar dhaoirsi nDé,
's go bfuair mé fád chraoibhsi caoi.

7 Do teasgadh ar n-aoinchreach uainn,
an chaoimhsgeach dob easdadh d'eón;
sgé a samhla níor fhás a húr,
dhúnn go bás badh damhna deór.

8 Mo chréidhim go bruach mo bháis,
mo-nuar nach éirghionn ar-ís;
ní fhaicim cnoc na gcleath gcnuais
nach gluais lot na sgeach mo sgís.

9 Cnoc na gconghár, crádh na sgol,
a n-orláimh námhad a-niodh;
d'éis a learg as dubhach dhamh,
tulach ghlan do chealg mo chion.

Mo.